Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Tús Eolais ar Sonraíocht Cheoil na hArdteistiméireachta

Eispéireas Foghlama Gairmiúla
2026-2027

CC BY NC

CLÁR AN ÁBHAIR

Bliain i Saol an Mhúinteora Ceoil 2
Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí 3
Tús Eolais: Fios Fátha na Sonraíochta Cheoil 4
Nótaí 6
Fuaimeanna ár Sonraíochta 7
Teagasc le haghaidh Fhoghlaim na Scoláirí 8
Ceol a Fhoghlaim 9
Pleanáil don Fhoghlaim sa Seomra Ranga Ceoil 10
Leidcheisteanna Pleanála Ceoil 11
Lámhscríbhinn 12
Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí 13
- Rannpháirtíocht sa tsochaí 14
- Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna 15
- Cumarsáid 16
- Obair le daoine eile 17
- A bheith cruthaitheach 18
- Folláine a chothú 19
- Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú 20

Teanga in Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí 21
Tacaí Breise 22

BLIAIN I SAOL AN MHÚINTEORA CEOIL

Tá an réimse tacaíochta bliantúla a chuirfidh an Fhoireann Oide um Cheoil ar fáil go ceann ceithre bliana luaite anseo..

Tá spásanna folmha ann chun gur féidir leat na himeachtaí a bhfuil a fhios agat a bheidh ar siúl i gcaitheamh na bliana i do Rannóg Ceoil a phleanáil.
Ní liosta iomlán an méid seo a leanas, ach d'fhéadfadh na himeachtaí seo a leanas a bheith ann:

- Measúnacht - scrúduithe praiticiúla, MRBanna, scrúduithe na Nollag, Scrúduithe bréige, Scrúduithe Praiticiúla, Scrúduithe Stáit.
- Imeachtaí scoile - Aifrinn, céimiú, lá/oíche oscailte, oíche na ngradam...
- Imeachtaí scoile/ceiliúrtha (e.g. LADTI+, seachtain na nEalaíon, seachtain Cheoil, srl)
- Imeachtaí áitiúla / Turasanna scoile
- Imeachtaí saincheoil (e.g. coirmeacha / ceoldrámaí / seónna)
- Eile

Gníomhaíocht: Sainaithin na himeachtaí is tábhachtaí a bhíonn ar siúl ó lá go lá, ó bhliain go bliain, i do Rannóg Ceoil. Scáthaigh na míonna ábhartha san íomhá thíos.

2026-2027	MF	DF	Sam	Nol	Ean	Fea	Már	Aib	Bea
Ceardlann 1									
Eispéireas Foghlama Gairmiúil Lá 1									
Comhoibriú 1a									
Seimineáir Gréasáin 1									
Comhoibriú 1b									

CEOL NA hARDTEISTIMÉIREACHTA SA tSRAITH SHINSEARACH ATHFHORBARTHA


Gníomhaíocht: Tabhair do thuartha maidir le gach ceann de na ráitis sula gcuirfear tús leis an EFG seo. Ar fíoradh iad faoi dheireadh na ceardlainne?

Roimh an gCeardlann				I ndiaidh na Ceardlainne		
FÍOR	BRÉAG-ACH	Níl a fhios agam	Réamhchleachtadh	FÍOR	BRÉAG-ACH	Níl a fhios agam
			Tá Snáithe 1 le múineadh sa 5ú bliain agus Snáithe 2 sa 6ú bliain.			
			Tá na Príomhinniúlachtaí comhtháite thar na codanna a bhaineann leis an réasúnaíocht, cuspóirí, torthaí foghlama agus measúnú sa tsonraíocht.			
			Baineadh an teicneolaíocht ón Scrúdúchán Praiticiúil.			
			Cuirtear na próiseas foghlama is teagaisc chun cinn leis na 27 dToradh Foghlama a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna, agus meonta scoláirí de réir a chéile i gcaitheamh an dá bhliain.			
			Tá a rogha ag scoláirí sa Scrúdúchán Praiticiúil idir an taispeántas aonréid agus taispeántas i ngrúpa			
			Ní chaithfidh scoláirí ach 25 uair an chloig ar an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB).			
			I dteannta leis an liosta ceoil atá leagtha amach dóibh, beidh scoláirí páirteach i gceol eile sa seomra ranga, rud a thabharfaidh blaiseadh de stíleanna, cineálacha, agus seánraí ceoil eile dóibh, agus beidh páirteach i gceol atá ag teacht le suimeanna na scoláirí féin			

NÓTA: Ní bhainfimid úsáid as an gcleachtadh sin le linn an EFG Ceoil 2026-2027 seo, ach chun do chuid smaointe reatha ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a rangú.

TREOIRPHRIONSABAIL NA SRAITHE SINSEARAÍ

Is slat tomhais iad na 8 dTreoirphrionsabail seo do scoileanna agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Déantar measúnú ar chaighdeán ruda éigin le slat tomhais. Roghnaigh 1 phrionsabal amháin agus roinn le do ghrúpa an tslí a bhféadfadh do chleachtas ranga bheith ag teacht leis an bprionsabal sin.



Folláine agus Caidreamh: Cuireann eispéiris an scoláire ar scoil agus i suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne díreach lena fholláine ghinearálta agus lena fhorbairt iomlánaíoch. Tacaítear le heispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí i ngach caidreamh atá aige le múinteoirí, comhscoláirí, tuismitheoirí agus daoine fásta tábhachtacha eile

Oideachas Ionchuimsitheach agus Éagsúlacht: Tá tábhacht ag baint le gach aon scoláire in eispéireas oideachais na sraithe sinsearaí, agus tá meas ar luach na héagsúlachta agus an méid is féidir le gach scoláire a dhéanamh. Bíonn eispéiris thaitneamhacha ag gach scoláire in oideachas na sraithe sinsearaí agus baineann sé torthaí fiúntacha as.

Dúshláin, Rannpháirtíocht agus Cruthaitheacht: Bíonn oideachas dúshlánach, tarraingteach agus ardchaighdeáin ag an scoláire, le deiseanna le haghaidh foghlaim atá nua agus domhain. Bíonn deiseanna ann chomh maith do smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach agus nuálach.

Foghlaim conas Foghlaim, Foghlaim don Saol: Forbraíonn an scoláire a neamhspleáchas agus a thuiscint maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé; neartaíonn sé a chumas chun déileáil le dúshláin an tsaoil laistigh de agus i ndiaidh na scoile; agus bíonn deiseanna dara seans aige don fhoghlaim agus don mheasúnú.

Rogha agus Solúbthacht: Éascaíonn an tsraith shinsearach foghlaim leathan agus níos mó speisialtóireachta. Tugann sí solúbthacht agus comhleanúnachas do scoláirí agus iad ag foghlaim ar réimse bealaí difriúla, ag leanúint a gconairí pearsanta féin tríd an tsraith shinsearach, agus ag dul i dtreonna éagsúla amach anseo.

Leanúnachas agus Aistrithe: Cuireann an scoláire lena chuid foghlama go dtí seo agus tacaítear leis de réir mar a fhorbraíonn agus a leanann sé na conairí a roghnaigh sé agus de réir mar a aistríonn sé go dtí an saol fásta.

Rannpháirtíocht agus Saoránacht: Bíonn an scoláire rannpháirteach ar scoil, ina phobal agus sa tsochaí, ag feidhmiú a cheart mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda ar bhealach eiticiúil agus inbhuanaithe.

Timpeallachtaí Foghlama agus Comhpháirtíochtaí: Déanann comhpháirtíochtaí agus comhoibriú ar fud scoileanna, le teaghlaigh, le pobail, agus le timpeallachtaí foghlama eile, timpeallachtaí foghlama ar líne ina measc, foghlaim an scoláire a shaibhriú agus a leathnú agus cuireann siad réimse níos leithne féidearthachtaí ar fáil dó.

TÚS EOLAIS: FIOS FÁTHA NA SONRAÍOCHTA CHEOIL



An Cuspóir

Foghlaim an Scoláire sa tSraith Shinsearach

Foghlaim sa Ranga Ceoil



Fianaise ar Fhoghlaim

Teanga na Foghlama

An Clár Ábhar

An tSraith Shinsearach	2
Réasúnaíocht	4
Aidhmeanna	5
Leanúnachas agus dul chun cinn	6
Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach	7
Príomhinniúlachtaí	8
Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama	12
Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl	16
Snáithe 2: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair	20
Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire	24
Measúnú	26
Socruithe réasúnta/Ionchuimsithe	30
Aguisín 1: Briathra Gnímh	32
Aguisín 2: Gluais Téarmaí	34

1. Cuspóir

- ✓ I do shonraíocht lch 4, aibhsigh na ráitis sa **RÉASÚNAÍOCHT** seo atá ailínithe le do chreidimh agus luachanna agus tú i do mhúinteoir ceoil.

- ✓ Déan na cúig **CHUSPÓIR** a lipeadú ar lgh 5 A – E. Eagraigh na cúig chuspóir de réir a bhfuil á dhéanamh go maith faoi láthair agus de réir an méid a dteastódh a thuilleadh forbartha uathu, b'fhéidir, i do rannóg ceoil.

Ag obair go maith?	Bhfuil a thuilleadh forbartha ag teastáil?

- ✓ Roghnaigh 3 – 4 phríomhtheachtaireacht is féidir leat a úsáid as an gcuid a bhaineann le **COMHLEANÚNACHAS AGUS DUL CHUN CINN** ar lch 6 chun an luach atá i roghnú ceoil mar ábhar na Sraithe Sinsearaí a léiriú.

2. Foghlaim na Sraithe Sinsearaí



- ✓ Roghnaigh aon phríomhinniúlacht a mhúsclaíonn rud éigin ionat.
- ✓ Sainaithin an tslí ar féidir na 1 – 2 thréith ón bPríomhinniúlacht a roghnaigh tú a chlos i do sheomra ranga Ceoil.

3. Foghlaim sa Seomra Ranga Ceoil

De réir mar a léann tú trí na **TORTHAÍ FOGHLAMA** thíos, bain úsáid as na siombailí seo a leanas chun...

- ✔ sainaithin an fhoghlaim a bhfuil tú páirteach ann faoi láthair
- ♡ roghnaigh an foghlaim a bhfuil dúil agat ann
- ? sainaithin an fhoghlaim is nua an fhoghlaim i do chomhthéacs í.

4. Fianaise ar Fhoghlaim

- ✓ Cuimhnigh ar na codanna aibhsithe ar lgh 26 – 31.

Conas a spreagfar scoláirí chun tuiscint iomlánaíoch ar a bhfuil ann ina bheith ina cheoltóir a fhorbairt as bheith rannpháirteach san CMB?

Conas a chuirtear deiseanna taispeántais éagsúla do scoláirí ar fáil leis an CMB?

5. Teanga na Foghlama

- ✓ Dé réir mar a thugann tú cuairt ar na ceithre stáisiún eile inár dtimpeallán, cuir ? le teanga nua ar bith a thagann tú air.
- ✓ Tar éis duit na gníomhaíochtaí timpealláin a chur i gcrích, tóg nóiméad chun an teanga ar chuir tú ? leis sna Gluaiseanna ar chúl na sonraíochta.

NOTAÍ

Cláraigh d’aiseolas sa spás thíos

FUAIMEANNA ÁR SONRAÍOCHTA

Gníomhaíocht: I do ghrúpa, leanaigí oraibh leis an móitíf 2 bharra i seicheamh íslitheach.



Gníomhaíocht: Cad iad na Príomhinniúlachtaí, ó lgh 10 – 11 na sonraíochta, a músclaíodh le linn an eispéiris foghlama seo?

Príomhinniúlachtaí sa tSonraíocht Cheoil

TEAGASC LE HAGHAIDH FHOGHLAIM NA SCOLÁIRÍ

Gníomhaíocht: Cuir an dá thasc thíos i gcrích.

1. Cuimhnigh ar na trí theachtaireacht ón gcuid, ***Teagasc le haghaidh Fhoghlaim Scoláirí***, sa tsonraíocht.
2. Bain úsáid as na Modhanna Rannpháirtíochta ar lgh 13 – 14 agus déan cur síos go mion ar an bhfoghlaim a mbeidh scoláirí rannpháirteach ann chun na teachtaireachtaí sin a chur i bhfeidhm mar cheoltóirí i nDomhan seo ár linne.

Is spás sábháilte é seomra ranga an cheoil ina mbíonn caidrimh bunaithe ar iontaoibh agus meas ionas go mothaíonn na scoláirí gur féidir leo iad féin agus a gcuid smaointe a chur in iúl ar bhealach muiníneach agus inniúil. Déanann seomra ranga an cheoil leas don chruthaitheacht nuair a mhothaíonn scoláirí muiníneach go leor chun triail a bhaint as réimse cuir chuige nuair atá ceol á chruthú, á thobchumadh agus á thaibhiú ar bhealaí a chuireann úrnuacht agus léiriú pearsanta chun cinn. Tríd an gcruthaitheacht a éascú, mothaíonn scoláirí go dtacaítear leo chun smaointe malartacha a mholadh, dúshlán a chur roimh ghnásanna agus rioscaí a ghlacadh, ag glacadh leis an éiginnteacht agus nuálaíocht.

Modhanna Rannpháirtíochta: Cruthú agus Iniúchadh

Éilíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí taibhithe go n-úsáidtear straitéisí a chothaíonn muinín, cumarsáid agus ionchuimsitheacht. Cabhraíonn teagmháil le suíomhanna taibhithe éagsúla de réir a chéile, ag taibhiú ar bhonn aonair agus mar bhall grúpa agus cleachtas machnamhach scafláilte le muinín agus inspreagadh a chur le chéile. Má fhreastalaítear ar rogha, réimsí spéise agus na buanna atá ag na scoláirí cheana féin, i roghnúchán repertoire le tacaíocht a thabhairt do scoláirí chun páirt fhiúntach a ghlacadh ina gcuid foghlama féin.

Modhanna Rannpháirtíochta: Taibhiú agus Déanamh Ceoil

Le linn a gcuid staidéir, tugann scoláirí aghaidh ar réimse leathan ceoil, éisteann siad leis agus tugann siad breithmheas agus freagra air. Tosaíonn an t-idirghníomhú ar fad leis an gceol le forbairt na feasachta cluaise agus scileanna éisteachta criticiúla. Neartaítear an bunús seo trí fhiosrúchán agus anailís a dhéanamh ar cheol nótáilte, i gcás go mbíonn sé ar fáil, ag cothú tuiscint níos cuimsithí ar struchtúr an cheoil, gnéithe ceoil agus léiriú ceoil ar an dóigh sin.

Modhanna Rannpháirtíochta: Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt

CEOL A FHOGHLAIM

Gníomhaíocht: Amharc-chan an fonn agus cuimhnigh ar na scileanna taibhithe a bheidh ag teastáil chun an ceol sin a chur in iúl go héifeachtach.



PLEANÁIL DON FHOGHLAIM SA SEOMRA RANGA CEOIL



Is ionann pleanáil agus an dianmhachnamh is gá do mhúinteoirí a dhéanamh chun deiseanna ar ardchaighdeán a cheapadh ar mhaith le foghlaim na scoláirí.

Planning is the hard thinking teachers need to do in order to design quality opportunities for student learning.

Gníomhaíocht: Conas a phleanálann do rannóg ó thaobh na 5ú & 6ú Bliain de faoi láthair?

An chaoi a ndéanaimid pleanáil faoi láthair do Cheol na 5ú agus na 6ú Bliana..

Gníomhaíocht: Cad iad na dea-chleachtais is féidir a aistriú ó phleanáil ag Leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus na hIdirbhliana?

Straitéisí pleanála a d'oibrigh go maith dúinn...

LEIDCHEISTEANNA PLEANÁLA AR MHAITHE LE RANNÓGA CEOIL

COMHRÁITE RANNÓIGE

TABHAIR FAOI DEARA: Ní liosta saintreorach ná uileghabhálach é seo – cuir do cheisteanna féin leis

COMHTHÉACS

- Cé hiad mo scoláirí? / Cad iad a suimeanna ceoil / ábhair spéise cheoil? / Cad iad na huirlisí a sheinneann siad?
- Cad iad na straitéisí ionchuimsitheacha, más ann dóibh, is fiú a chur san áireamh do na scoláirí sin, i.e., BTB, AEN srl
- Má bhaineann le hábhar, cad é an VLE i.e OneNote, Teams, nó VLE eile nach iad, a d'fhéadfadh foghlaim an scoláire a éascú?
- Cé na himeachtaí a bhaineann le treoir is féidir tacú le forbairt ghairme, oideachaisiúil, shóisialta, is phearsanta an scoláire?

RÉAMHFHOGHLAIM

- Cad é an curaclam ceoil, más ann dó, a raibh taithí ag scoláirí air? Cá bhfuil siad ina gcuid foghlama?/ Cad é atá ar eolas acu cheana féin?/ Cad iad na míthuiscintí atá ann?

FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

- Cad iad na torthaí foghlama a d'fhéadfadh nascadh le chéile go fiúntach chun tógáil ar réamhfhoghlaim scoláire?
- Cad iad na codanna den toradh foghlama a ndíreodh an t-aonad seo orthu?

FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE - Cad é a bheidh i gceist leis an bhfoghlaim

- Cad í an phríomhfhoghlaim a ba mhaith liom a bheith ar eolas ag scoláirí ag deireadh an aonaid seo?
- Cad iad na míthuiscintí is dócha a tharlóidh?
- Cén réamhfhoghlaim a gcuirfidh an fhoghlaim seo léi?
- Cén téarmaí ceoil /litearthacht cheoil ar chóir do scoláirí éirí líofa iontu?
- Cad iad na scileanna ceoil a dtógfaidh scoláirí orthu tríd an aonad foghlama seo?

FIANAISE AR FHOGHLAIM - Conas a bheidh A FHIOS agam go bhfuil an fhoghlaim déanta

Mar shampla: obair ranga, obair bhaile, MRB/CMB, aiseolas, tástáil, breathnóireacht, ceistiú, tionscadail, machnamh...

- Cad iad na straitéisí measúnaithe nach mór dom a chur san áireamh?
- Cén réimse fianaise a ghabhálfaidh/a bhaileoidh mé? D'fhéadfaí fianaise a fháil ón méid a Déarfaidh, a Sheinnfidh, a Scríobhfaidh nó a Dhéanfaidh scoláirí! Braitheann an réimse fianaise ar fhócas an aonaid
- Conas a ghabhfaidh mé/a bhaileoidh mé an fhianaise seo ar an bhfoghlaim?
- An bhfuil na tascanna/deiseanna seo ag teacht leis na hintinní foghlama agus leis na torthaí foghlama?
- Cad iad na tascanna/deiseanna ar leith a bheas ag teastáil ó scoláirí chun machnamh a dhéanamh?
- Cad iad na tascanna/deiseanna ar leith a chuirfidh ar chumas na scoláirí tógáil ar an tuiscint atá acu cheana féin chun tuiscint nua a chruthú?

EISPÉIRIS FOGHLAMA - Tarlóidh an fhoghlaim seo TRÍ...

- Cad iad na gníomhaíochtaí ranga agus na hacmhainní a chabhróidh leis na scoláirí agus a chuirfidh ar chumas na scoláirí dul i gceann na foghlama?
- Cad iad na príomhscileanna/príomhinniúlachtaí a musclaíodh de bharr dhearadh na ngníomhaíochtaí seomra ranga sin?
- Cad iad na modheolaíochtaí a bheidh in úsáid agam? Conas a d'fhéadfadh TFD í a bheith ina gcabhair?
- Cad iad na straitéisí measúnaithe fhoirmithigh a chuirfidh mé san áireamh? An bhfuil nasc idir an measúnú foirmitheach agus na critéir ratha?
- Conas a thug mé isteach éisteacht, cumadh, agus taispeántas sna gníomhaíochtaí sin?
- Conas a d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo tógáil ar reamhfhoghlaim agus foghlaim nua a chruthú?

CLEACHTAS AONAIR

INTINNÍ FOGHLAMA – An Fhoghlaim a Shoiléiriú

- An bhfuil na hintinní foghlama oiriúnach do scoláirí?
- An bhfuil nasc idir na hintinní foghlama agus na torthaí foghlama atá roghnaithe?

CRITÉIR RATHA – Caighdeán na Foghlama a Shocrú

- Conas a bheidh na scoláirí páirteach i gcomhchruthú na critéir ratha?
- An bhfuil nasc idir na critéir ratha agus na torthaí foghlama atá roghnaithe?

MACHNAMH AGUS GNÍOMH

- **Cad FAOI** a raibh an fhoghlaim? Mar sin, **CÉN** fhoghlaim a bhí ar siúl? Anois, **CAD** iad na céad céimeanna eile?
- Conas a d'fhéadfadh an machnamh seo tionchar a imirt ar mo chleachtas féin agus/nó bonn eolais a chur faoi mo chuid pleanála amach anseo?

ACMHAINNÍ / TACAÍOCHTAÍ

- Aithin na suíomhanna gréasáin TFD, rianta fuaime, scóir, bileoga saothair, agus/nó ábhair a úsáidfear san aonad seo.

LÁMHSCRÍBHINN

PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ NA SRAITHE SINSEARAÍ

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn na scoláirí ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú.



Tacaíonn forbairt litearthachta agus uimhearthachta le forbairt na n-inniúlachtaí agus a mhalairt.

Sonraíocht Churaclaim Cheol na hArdteistiméireachta (2026), lgh 8 – 9

Déantar cur síos ar gach inniúlacht thíos, mar aon torthaí foghlama uileghabhálacha agus na tréithe a ghabhann leo.

Cabhraíonn na tréithe (a léirítear sa cholún ar dheis) le gach inniúlacht a dhéanamh níos soiléire trí leagan amach conas a fhorbróidh an scoláire an inniúlacht agus a chuirfidh sé an inniúlacht sin i bhfeidhm.

Ní dócha go bhforbróidh aon duine amháin na tréithe de na príomhinniúlachtaí seo go léir mar a chéile

Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach (2024), lch 3

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag
https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Rannpháirtíocht sa tsochaí



Baineann an inniúlacht seo le rannpháirteachas fiúntach i scoileanna, teaghlaigh, pobail, agus sa tsochaí, ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, ar bhonn pearsanta agus ar líne. De réir mar a bhíonn an scoláire rannpháirteach sa tsochaí, faigheann sé tuiscint níos doimhne ar chearta agus freagrachtaí an duine, ar an éagsúlacht, cothromas, ionchuimsiú, ceartas sóisialta agus inbhuanaitheacht. Léiríonn sé a thiomantas i leith rannpháirteachas bríoch ar scoil agus sa tsochaí ar réimse bealaí. Bíonn sé meabhrach ar cheisteanna sochaíocha agus baint aige leo, agus é ag féachaint le tuiscint a fháil ar na fáthanna a dtagann ann do na ceisteanna seo agus lena dtionchair a mhaolú. Bíonn sé i bhfách le hathrú dearfach agus déanann iarracht é a réadú.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	**Tréithe** A bheith rannpháirteach sa tsochaí trí
Rannpháirtíocht bhríoch a dhéanamh ar scoil, sa phobal agus sa tsochaí níos leithne.	• do chuid smaointe féin a fhorbairt agus a chur in iúl. • idir rogha, ghuth agus thionchar a bheith agat i do chuid foghlama agus sa tsochaí. • ceisteanna casta sochaíocha a iniúchadh. • machnamh a dhéanamh ar do ról féin i dtaca le dúshláin shochaíocha. • a fhoghlaim conas critíc a dhéanamh ar chórais agus iad a cheistiú, a chosaint agus/nó a athrú ó bhonn. • gníomhaíocht aonair agus choiteanna phleanáil agus a ghlacadh chun athrú dearfach a bhaint amach. • bheith ag cur le luachanna agus cleachtais shíochánta dhaonlathacha ag leibhéal scoile agus pobail. • bheith ag iarraidh teacht ar réitigh ar chásanna a bhaineann an bonn ó dhínit agus cearta an duine. • roghanna a dhéanamh a théann chun sochair do thodhchaí inbhunaithe. • machnamh a dhéanamh ar do chuid luachanna, braistiní agus gníomhartha agus a bheith in ann comhghéilleadh a dhéanamh nó an fód a sheasamh de réir mar is cuí.
luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí le rannpháirtocht bhríoch.	• bheith ag gníomhú go heicticiúil agus cearta aonair agus comhchoiteanna mar threoir agat. • dlúthpháirtíocht a léiriú aon áit a mbeadh éagothromas agus éagóir. • meas a léiriú ar riachtanais agus cearta na nglúnta atá ann anois, na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh agus don nádúr. • dóchas agus éifeachtacht a chothú nuair a bheadh éiginnteacht, débhrí nó baol ann.

Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna



Baineann an inniúlacht seo le loighic agus réasúnaíocht a bheith in úsáid ag an scoláire chun cinntí tomhaiste a dhéanamh, socrú ar an gcéad rud eile a bheadh le déanamh agus ceisteanna, freagairtí agus réitigh a chur le chéile. Oibríonn sé amach cad iad na nithe a oibríonn agus nach n-oibríonn i dtéarmaí a straitéisí smaointeoireachta agus an chaoi a dtugann sé faoi thascanna. Déanann siad iarracht a smaointeoireacht agus a réiteach fadhbanna a fheabhsú trí fheidhm a bhaint as cuir chuige éagsúla, lena n-áirítear comhrá, staidéar, aiseolas, machnamh agus cleachtadh leantach.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	**Tréithe** Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach trí
smaointeoireacht chriticiúil a chur i bhfeidhm i suíomhanna a mbeach cur amach acu orthu agus i suíomhanna úra araon.	• eolas, smaointe, teoiricí agus coincheapa a fháil ó áiteanna difriúla agus iad a chur i bhfeidhm. • critéir a úsáid chun rogha a dhéanamh idir foinsí m.sh. iontaofacht, ioriúnacht, ábharthacht, costas agus inrochtaineacht. • critéir a úsáid leis an difear a aithint idir tuairimí, breithiúnais, claontachtaí agus fíricí. • smaointeoireacht chriticiúil afhéanamh i dtaobh noirm agus gnásanna sóisialta. • sonraí, faisnéis, patrúin, treochtaí, naisc agus gaolta a fhiosrú chun tuiscint níos doimhne agus mínithe níos fearr a fháil. • hipitéisí a chruthú, tuartha a dhéanamh, argóintí agus fianaise a fhiosrú agus a chur sa mheá, agus tátail shoiléire chiallmhara a bhaint amach. • tuairimí agus earráidí a cheistiú; argóintí agus frithargóintí bailí a chur le chéile.
fadhbanna a shainaithint, teacht aníos le réitigh fhéideartha agus cinntí eolasacha a dhéanamh.	• rudaí a thuiscint, a anailísiú, a shintéisiú, a mheasúnú, a léirmhíniú agus a chruthú. • uimhreacha agus sonraí a úsáid chun breathnuithe, meastacháin agus ríomhanna a dhéanamh. • roghanna agus réitigh éagsúla a fhiosrú, iarmhairtí agus torthaí dóchúla a thuar. • cinntí eolasacha a dhéanamh agus na torthaí agus iarmhairtí gearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha a mheasúnú. • a bheith meabhrach ar na buntáistí agus míbhuntáistí a thagann le bheith ag breathnú siar. • an tionchar a bhíonn ag sriantachtaí fíorshaoil ar réitigh agus gníomhartha féideartha a aithint agus a iniúchadh.
réimse de straitéisí smaointeoireachta, luachanna agus meonta a fhorbairt agus a úsáid chun forbairt a dhéanamh agus freagairt chriticiúil a thabhairt ar cheisteanna agus tascanna agus chun fadhbanna a réiteach	• ceisteanna a chur agus dúshláin a lorg. • a bheith leathanaigeanta tuairimeach, dearcthaí éagsúla a lorg agus féidearthachtaí iolracha a fhiosrú. • a bheith sásta glacadh le haiseolas agus é a úsáid lena bhfoghlaim a fheabhsú. • naisc a dhéanamh idir míreanna éagsúla foghlama agus idir eolas a bhí ann cheana agus eolas úr. • machnamh a dhéanamh ar straitéisí smaointeoireachta d'fhonn an fhoghlaim a fheabhsú. • gníomhú le hionracas, freagracht a ghlacadh as do chuid oibre féin agus as obair an ghrúpa. • a bheith trédhearcach faoi fhoinsí, a bheith in ann foghlaim ó obair daoine eile agus an chreidiúint chuí a thabhairt do shaothar agus smaointe daoine eile.

Cumarsáid



Baineann an inniúlacht seo le hidirghníomhú bríoch a dhéanamh le daoine eile agus tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar a thábhachtaí atá an chumarsáid do chaidrimh dhaonna. Tríd an inniúlacht seo, déanann an scoláire tuilleadh forbartha ar an réimse de scileanna cumarsáide atá aige. Déanann siad cumarsáid chun naisc a dhéanamh agus chun a gcuid smaointe, mothúchán agus barúlacha a chomhroinnt ar bhealach soiléir barántúil éifeachtach. Déanann siad nósanna a fhorbairt agus meonta a chothú lena dtacaítear lena n-acmhainneacht cumarsáid a dhéanamh ar bhonn pearsanta agus trí éagsúlacht de mheáin a úsáid.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	**Tréithe** Cumarsáid a dhéanamh trína bealaí seo a leanas:
a thuiscint ar fhoirmeacha éagsúla cumarsáide a dhoimhniú agus ar an ábhar a bhfuil staidéar á dhéanamh aige air.	• cur le tuiscint focal, siombailí, uimhreacha, teanga, fuaime, gluaiseachta, uirlisí, meán, agus téacsanna. • a bheith ag éisteacht, ag breathnú agus ag léamh go haireach agus ag freagairt go bríoch. • ceisteanna a chur chun ciall a bhaint as smaointe, dearcthaí agus mothúcháin. • ciall a chur in iúl agus tuiscint agus cur chuige a chur in oiriúint d'fhormáidí, spriocphobail agus cásanna éagsúla. • barúlacha a chur in iúl, tuairimíocht agus plé a dhéanamh, argóintí a dhéanamh, daoine a chur ar an eolas agus rudaí a áitiú ar dhaoine. • réimse téacsanna a anailísiú agus a léirmhíniú. • tuiscint chriticiúil a fhorbairt.
cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh, ag úsáid uirlisí agus formáidí éagsúla, ar chúiseanna éagsúla agus le spriocphobail éagsúla.	• faisnéis a bhailiú ó na céadfaí go léir. • éagsúlacht d'uirlisí a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena n-áirítear teangacha, gléasanna, trealamh, ábhair agus teicneolaíocht. • teanga, formáidí agus teicnící cuí a úsáid chun sonraí agus faisnéis a chur i láthair go soiléir. • tuiscint a bheith ar chuspóir agus ar spriocghrúpa na cumarsáide. • téacsanna, réada, déantáin agus taibhithe a chruthú, a dhearadh agus a chumadh.
nósanna agus meonta todhchaí a fhorbairt a chabhróidh leis, dá réir, cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh.	• cumarsáid bharántúil a dhéanamh, ar bhonn pearsanta agus ar bhonn fíorúil, ag úsáid foirmeacha éagsúla cumarsáide. • a bheith ag éisteacht go gníomhach agus soiléire agus tuiscint a lorg. • mífhaisnéis agus bréagaisnéis a aithint agus iarracht a dhéanamh cur ina gcoinne. • a bheith foighneach machnamhach nuair a thiteann dúshláin cumarsáide amach, agus oiriúnú don chás. • a bheith oscailte do thuairimí agus dearcthaí saoil éagsúla. • a thuiscint mar a théann tuin, gothaí, comharthaíocht choirp, mothúcháin agus íomhánna i bhfeidhm ar an gcumarsáid agus an tuiscint seo a úsáid ar bhealach eiticiúil freagrach. • machnamh a dhéanamh ar na nithe a dhéanann tú go maith agus na nithe a bhféadfá iad a fheabhsú agus tú i mbun cumarsáide.

Obair le daoine eile



Baineann an inniúlacht seo le bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i réimse de chomhthéacsanna ar chuid mhór cúiseanna éagsúla. Ach é a bheith dea-struchtúrtha, is féidir comhoibriú le daoine eile foghlaim an scoláire a shaibhriú agus a thuiscint ar dhinimicí péirí, grúpaí agus foirne a dhoimhniú. Féadann an scoláire tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chuid scileanna sóisialta agus mothúchánacha mar aon lena thuiscint agus meas ar bhuanna, barúlacha, taithí agus pearsantacht a gcomhscoláirí, a múinteoirí agus daoine eile. Trí bheith ag comhoibriú le daoine eile, is féidir go ndoimhneofaí léirthuiscint an scoláire ar thábhacht na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta. Tugann sé deiseanna don scoláire éirí níos fearr ag an ionramháil ar mhothúcháin, dúshláin agus coimhlintí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus a oibriú amach conas bealach chun tosaigh a aimsiú. Is uirlis í an teicneolaíocht atá ag éirí i bhfad níos tábhachtaí agus ar féidir go dtacódh sí leis an gcomhoibriú le daoine eile agus go gcruthódh sí dúshláin ina thaobh seo chomh maith.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	**Tréithe** Obair le daoine eile trí
a bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i mbeirteanna, i ngrúpaí agus i bhfoirne.	• socrú ar rudaí mar ghrúpa agus a bheith ag comhoibriú chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach. • glacadh le róil éagsúla, lena n-áirítear ról ceannais a ghlacadh ó am go chéile. • a bheith ag cur go bríoch le hobair an ghrúpa. • meastóireacht a dhéanamh ar an obair de réir mar a bhíonn sí á déanamh agus an cur chuige a athrú más gá. • aiseolas a thabhairt agus freagairt don aiseolas agus tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé. • tuiscint a fháil ar ghrúpdhinimic, a bheith in ann ligean chugat agus uait agus ionramháil a dhéanamh ar dhifríochtaí ó thaobh tuairimí agus cuir chuige de.
straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt a fhágfaidh gur eispéireas níos fiúntaí é an comhoibriú le daoine eile.	• a bheith ag idirghníomhú go heiticiúil, ar bhonn pearsanta agus ar bhonn fíorúil. • tuiscint agus meas a léiriú ar luach na héagsúlachta laistigh de ghrúpa agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn. • rathúlacht comhscoláirí a spreagadh agus a cheiliúradh. • tuiscint a bheith ar an rannpháirteachas mothúchánach a bhíonn ag teastáil chun bheith ag obair go maith le daoine eile agus déileáil le dúshláin mhothúchánacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. • machnamh a dhéanamh ar na nithe a dhéanann tú go maith agus na nithe a bhféadfá iad a fheabhsú agus tú ag obair le daoine eile.

A bheith cruthaitheach



Baineann an inniúlacht seo le bheith ag teacht aníos le smaointe, ceisteanna, smaointeoireacht, teoiricí, réitigh agus saothair chruthaitheacha úra, trí bheith ag útamáil le coincheapa atá ann cheana agus iad a chomhcheangal ar bhealaí úra, agus trí bheith ag glacadh le smaointeoireacht éagsúil, leis an gcumhacht atá ag samhlaíocht an duine agus le hacmhainneacht na dteicneolaíochtaí. Is féidir go rachadh an chruthaitheacht chun sochair do dhaoine aonair, do ghrúpaí, do phobail agus don tsochaí agus go dtiocfadh an nuálaíocht mar thoradh uirthi. Is féidir go gcabhródh an chruthaitheacht le daoine fadhbanna casta a ionramháil. Is féidir, ach straitéisí, nósanna intinne agus meonta a fhorbairt lena gcothófaí an chruthaitheacht, go gcabhrófaí leis an scoláire freagairt phearsanta dá chuid foghlama a fhorbairt agus a chothú.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	**Tréithe** A bheith cruthaitheach trí
a bheith cruthaitheach agus réimse de straitéisí agus próisis a fhorbairt a thacódh lena gcruthaitheacht.	• a bheith rannpháirteach in eispéiris chultúrtha agus foghlaim ó shaothair chruthaitheacha. • samplaí den nuálaíocht agus den fhiontraíocht a iniúchadh agus a bheith ag foghlaim uathu. • a bheith ag teacht aníos le agus ag fiosrú ceisteanna, ag sainaithint fadhbanna agus teacht aníos le tuairimí i dtaobh freagraí agus réitigh fhéideartha. • triail a bhaint as rudaí éagsúla chun freagairt do thascanna agus cásanna. • smaointe atá ann cheana a chomhcheangal chun coincheapa, smaointe, próisis, táirgí agus pobail a fheabhsú. • smaointe a chur i ngníomh, smaointe, dearaí, saothair chruthaitheacha, taibhithe, próisis agus táirgí úra a chruthú. • todhchaí inbhuanaithe a shamhlú agus céimeanna a ghlacadh chun í seo a bhaint amach.
luachanna agus meonta a fhorbairt lena gcothófaí a gcruthaitheacht	• a bheith fiosrach, leathanaigeanta, fiontrach agus samhlaíoch. • a bheith amhantrach agus toilteanach dul san fhiontar chun críche na foghlama. • a bheith compordach leis an débhríocht agus leis an éiginnteacht agus, san am céanna, bealaí a aimsiú le dul chun cinn a dhéanamh. • caighdeáin inmheánacha a fhorbairt i dtaca lena fheabhas atá do chuid oibre féin agus obair daoine eile. • machnamh a dhéanamh ar do chruthaitheacht féin agus ar an bpróiseas cruthaitheach.

Folláine a chothú



Bíonn folláine an scoláire i réim nuair a bhaineann an scoláire lánacmhainneacht amach, nuair a thugann sé aire dá fholláine choirp, nuair a bhíonn sé in ann déileáil le gnáthstrus an tsaoil, agus nuair a mhothaíonn sé go bhfuil cuspóir agus braistint chómhuintearais aige. Nuair a bhaintear siar as, bíonn an scoláire in ann plé leis agus cúnamh a iarraidh nuair a bhíonn sé ag teastáil. Cabhraíonn an inniúlacht seo leis an scoláire a thuiscint conas is féidir a fholláine féin agus folláine daoine eile a chaomhnú agus a chosaint. Forbraíonn sé tuiscint ar na bealaí a mbíonn tionchar dearfach agus diúltach ag tosca sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha ar an gcaighdeán maireachtála agus folláine foriomlán a bhíonn ag daoine aonair, grúpaí agus sochaithe. Tacaíonn folláine fhoriomlán an scoláire – a fholláine shóisialta, mhothúchánach, timpeallachta, intleachtúil, spioradálta agus fhisiceach – agus a rathúlacht acadúil lena chéile agus bíonn ríthábhacht ag baint le caidrimh dhearfacha chomhbhácha don dá rud.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	**Tréithe** Folláine a chothú trí
d'fholláine féin agus folláine daoine eile a chothú.	• a bheith meabhrach ar d'fholláine choirp agus cúram a dhéanamh di. • caidrimh chomhbhácha a dhéanamh agus a chothú. • d'fhéiniúlacht phearsanta, do chuid luachanna agus do chuid tuairimí féin a fhorbairt agus a chur in iúl. • do chuid féin a dhéanamh le spás ionchuimsitheach tacúil a dhéanamh de do rang agus de do scoil. • meas a léiriú ar fhéiniúlachtaí agus cultúir éagsúla agus iad a cheiliúradh agus a thuiscint
luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí leis an bhfolláine agus leis an acmhainn plé le agus freagairt do dhúshláin.	• an bhraistint go bhfuil brí agus cuspóir leat agus d'fhéinmhuinín a fhorbairt. • mothúcháin a aithint, a bheith in ann glacadh leo, agus iad a rialú de réir mar is cuí. • a bheith ag mothú go bhfuil sé ar do chumas gníomhú i ndlúthpháirtíocht nuair a chaitear go míchothrom le daoine eile. • a bheith eolach ar an méid ba cheart a dhéanamh agus ar an áit ar gá dul nuair a bhíonn cúnamh ag teastáil. • teacht aniar a fhorbairt nuair a bhíonn dúshláin agus deacrachtaí le sárú. • a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar riosca agus freagairt dó ar bhealaí dearfacha.

Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú



Baineann an inniúlacht seo leis an scoláire tuiscint a chur air féin mar dhuine agus mar fhoghlaimeoir, de réir mar a shocraíonn sé spriocanna agus a dhéanann sé pleananna saoil. Cuireann sé lena thuiscint ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an fhoghlaim agus féadann an t-eolas seo a úsáid lena fhoghlaim a fheabhsú. Éiríonn sé níos meabhraí ar a chuid inniúlachtaí, cumas agus spéiseanna agus cothaíonn iad. Forbraíonn sé straitéisí a chuidíonn leis cinntí a dhéanamh agus gníomhú a dhéanamh, chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama agus socrú ar na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim agus sa saol. Tuigeann sé an chaoi le rudaí a chur i gcrích agus conas úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní agus éiríonn níos oilte agus níos muiníní i dtaca le bheith ag gníomhú ar bhonn neamhspleách.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	**Tréithe** Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú a dhéanamh trí
a chuid foghlama féin a bhainistiú, le tacaíocht óna mhúinteoirí, daoine fásta eile, a chuid comhscoláirí agus ón teicneolaíocht.	• forbairt a dhéanamh ar do thiomantas chun do chuid foghlama a fheabhsú. • roghanna a dhéanamh agus spriocanna foghlama pearsanta a shocrú. • naisc a dhéanamh thar réimsí foghlama éagsúla. • do chuid foghlama a bhainistiú i gcomhthéacsanna éagsúla agus i dtimpeallachtaí éagsúla. • bealaí a oibriú amach le freagairt do chastacht agus d'éiginnteacht. • machnamh agus breithmheas a dhéanamh ar do chuid foghlama féin. • caighdeáin inmheánacha a fhorbairt i dtaca le do chuid oibre féin agus obair daoine eile.
straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí lena chuid foghlama agus a chonair saoil amach anseo.	• braistint féinéifeachtúlachta a bheith agat mar aon le taithí ar ghnóthachtáil. • bheith solúbtha, in ann plé le dálaí éagsúla agus sásta foghlaim ó do chuid meancóg. • do chuid ionchas agus spriocanna don todhchaí a shainaithint agus dul sa tóir orthu. • roghanna eolasacha a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh as d'aistear oideachasúil agus as do chonair ghairme, ach an tacaíocht iomchuí a bheith agat

TEANGA IN ATHCHÓIRIÚ NA SRAITHE SINSEARAÍ

Is éard is **Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB)** ann rud a spreagann scoláirí chun tuiscint iomlánaíoch ar a bhfuil ann ina bheith ina cheoltóir a fhorbairt as a bhfoghlaim a chur i bhfeidhm, rud nach féidir a mheasúnúgo furasta le scrúdúchán praiticiúil, trí thaispeántas praiticiúil.

Ráitis iad **Tréithe** a thugann soiléiriú ar gach príomhinniúlacht as a leagan amach conas a fhorbróidh agus chuirfidh i bhfeidhm scoláirí an phríomhinniúlacht. Is é an cuspóir go ndéanann scoláirí a ndícheall a oiread de na príomhinniúlachtaí is is féidir, ach an méid a bhaineann leo féin amháin a choimeád.

Intinní Foghlama a chruthaíonn an múinteoir ina bhfuil cur síos soiléir ar an rud a theastaíonn ón múinteoir a bheidh ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad, agus a bheidh in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama teagaisc le haghaidh ceacht nó sraitheanna ceacht.

Ráitis iad na **Torthaí Foghlama** a leagann síos an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart don scoláire a bheith in ann a léiriú tar éis tréimhse foghlama.

Is iad na **Modhanna Rannpháirtíochta** *Cruthú & Triail, Éisteacht, Scrúdú & Freagairt, Taibhiú & Déanamh Ceoil*, agus cuireann siad tuiscint cheoil níos doimhne chun cinn chomh maith le deiseanna a chur ar fáil do scoláirí chun a fhoghlaim conas is féidir leo a bheith ina gceoltóirí agus teacht ar an gceoltóir iontú féin.

Bíonn **Measúnú Foirmitheach** ar siúl le linn idirghníomhú ranga laethúil. Próiseas é ina bhfuil fianaise á lorg agus á léirmhíniú ar mhaithe le foghlaimeoirí agus lena múinteoirí chun an cinneadh a dhéanamh cá háit a bhfuil siad ina gcuid foghlama, cá bhfuil a dtriail, cad é an tslí is fearr an ceann scríbe a bhaint amach. Is iad na cúig straitéis atá luaite *Soiléiriú a Dhéanamh ar an bhFoghlaim Bheartaithe, Aiseolas chun an Fhoghlaim a Chur chun Cinn, Fianaise a Mhealladh ar an bhFoghlaim, Scoláirí mar Acmhainn dá chéile*, agus *Scoláirí mar Fhoghlaimeoirí Neamhspleácha*.

Tá baint ag an bhfoghlaim i **bPríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí** le gach eispéireas na scoláirí i rith na sraithe sinsearaí. Is scáth-théarma é a dhéanann tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha.

Tá an fhoghlaim sna **Snáitheanna** fite fuaite ina chéile agus ba cheart staidéar a dhéanamh orthu i gcomhthráth seachas ina n-aonair ná in ord líneach. Tá dhá shnáithe i sonraíocht Cheoil na Sraithe Sinsearaí: *Smaointe Ceoil a Fhiosrú & a Chur in Iúl* agus *Ceol i gComhthéacs: San Am a Caitheadh agus san Am i Láthair*.

Sa colún is faide ar chlé sna torthaí foghlama, tugtar '**Foghlaimíonn an Scoláire faoi**', áit ina bhfuil na réimsí nach mór do scoláirí foghlaim faoi. Tugann níos mó sonraí agus tacaíonn le tuiscint ar na torthaí foghlama gan dul isteach rófhada sa scéal.

Is slat tomhais iad na 8 **dTreoirphrionsabal sa tSraith Shinsearach** ar mhaithe le scoileanna agus le suíomhanna oideachais eile fad a bhíonn siad i mbun a sraith shinsearach a dhearadh.

Tá na **Critéir Ratha** nasctha le hintinní foghlama Forbraíonn an múinteoir agus/nó an scoláire iad agus tá cur síos ann ar an rud is rath ann. Tá siad ina gcabhair ag an múinteoir agus ag an scoláire chun breithiúnas a thabhairt ar chaighdeán fhoghlaim an scoláire.

Úsáidtear **Measúnú Suimitheach** chun foghlaim an scoláire a mheasúnú ar dheireadh an phróisis teagaisc nó ar dheireadh tréimhse foghlama. Is é an cuspóir achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil scoláirí agus chun a fháil amach cé acu a léirigh scoláirí, cá mhéad a léirigh siad, nó cé acu nár léirigh, tuiscint ar an bhfoghlaim sin de réir na gcritéar ratha aontaithe agus gnéithe de na tuairisceoirí caighdeáin.

Nasctar torthaí foghlama san **Aonad Foghlama**, ina leagtar amach go soiléir an méid ar cheart do scoláire a bheith ar eolas acu air, a thuiscint, agus a bheith in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí teagaisc is foghlama san aonad sin.

TACAÍ BREISE

CNCM Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí Ceol

Suíomh Gréasáin Oide Ceol na Sraithe Sinsearaí

Curaclam ar Líne

ROÓ Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

CSS Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Cláraigh dár liosta seoltaí

Déan teagmháil linn
eolas@oide.ie